Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

## Gnó

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2018

# GNÓ

## GNÁTHLEIBHÉAL

# SCÉIM MHARCÁLA

**AGUS**

# FREAGRAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO

Scéim Mharcála agus Freagraí a bhfuiltear ag Súil leo le húsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus an scéim mharcála á meas, is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na freagraí a bhfuiltear ag súil leo agus a chuirtear i láthair anseo uileghabhálach. Féadfar marcanna a bhronnadh as aon fhreagraí eile atá ceart.
- I gcuid mhaith cásanna d’fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna freagraí a bhfuiltear ag súil leo.
- Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d’fhéadfadh riachtanais athrú ó bhliain go bliain.

## AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL 2018

## SCÉIM MHARCÁLA

| ROINN 1 | 100 MARC |
|---|---|
| FREAGAIR 10 gCEIST – TÁ 10 MARC AG GABHÁIL LE GACH CEIST | |

| CEIST | SCÉIM MHARCÁLA | IOMLÁN NA MARCANNA |
|---|---|---|
| 1 | An 1ú téarma ceart 1m + 1m + 1m + 1m (4)<br>An 2ú téarma ceart 1m + 1m + 1m (3)<br>An 3ú téarma ceart 1m + 1m + 1m (3) | 10 |
| 2 | **Cúig** fhreagra: @ 2 mharc an ceann | 10 |
| 3 | **Míniúchán:** 10m (4m + 3m + 3m) | 10 |
| 4 | **Dhá** fhocal: @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 5 | **Trí** eilimint: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 6 | **Ceithre** ríomh: 3m + 3m + 2m + 2m | 10 |
| 7 | **Ceithre** fhreagra: 3m + 3m + 2m + 2m | 10 |
| 8 | **Dhá** fhreagra: @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| 9 | **Seacht** iontráil: 3 @ 2m + 4 @ 1m an ceann | 10 |
| 10 | **Míniúchán:** 7m (4m + 3m) **Sampla**: 3m | 10 |
| 11 | **Dhá** mhíniú: @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| 12 | **Trí** thoisc: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 13 | **Trí** mhodh: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 14 | **Ceithre** thic: 3m + 3m + 2m + 2m | 10 |
| 15 | **Cúig** fhreagra: 3m + 3m + 2m + 1m +1m | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **100** |

# ROINN 2 – 300 MARC

# CUID 1

**ÍOSMHÉID:** **CEIST AMHÁIN (75 MARC)**

**UASMHÉID:** **DHÁ CHEIST (150 MARC)**

**CEIST 1**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Dhá** mhíniú: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(B)** | **Dhá** mhíniú: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | Freagracht:<br>**Dhá** mhíniú:<br>Dlí Tomhaltais: | 3m<br>@ 6 mharc an ceann (3m + 3m)<br>6m | 15 |
| **(D)** | **Dhá** bhuntáiste: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Ceithre** fhoras: | 15 mharc (4m + 4m + 4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**CEIST 2**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Ainmnigh an earnáil:<br>Ainmnigh earnáil eile:<br>Mínigh:<br>Sampla: | 5m<br>2m<br>4 mharc (2m + 2m)<br>4m | 15 |
| **(B)** | **Dhá** bhuntáiste: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Trí** chúis: | 7 marc (5m + 2m)<br>7 marc (5m + 2m)<br>6 mharc (5m + 1m) | 20 |
| **(D)** | **Dhá** shampla: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | Míniúcháin: | 10 marc (5m + 5m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**CEIST 3**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Ríomh:<br>Barrachas nó Easnamh: | 10m (2m + 2m + 2m + 4m)<br>5 mharc | 15 |
| **(B)** | Míniúcháin ar dhifríocht:<br><br>Samplaí: | 5 marc (3m + 2m)<br>4 marc (2m + 2m)<br>2 @ 3 mharc an ceann | 15 |
| **(C)** | **(i)** Tír**:**<br>**(ii)** Céatadán**:** | 8m<br>7m | 15 |
| **(D)** | **Dhá** bhuntáiste: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** dhúshlán: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**CEIST 4**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Trí** thréith: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(B)** | **Dhá** mhodh: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Dhá** ghné: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(D)** | **(i)** **Cúig** riachtanas**:**<br>**(ii)** Breac-chuntas + samplaí: | @ 2 mharc an ceann<br>2 @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 20 |
| **(E)** | **Dhá** chúis: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

## CEIST 5

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Ceithre** mhíniú: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 20 |
| **(B)** | **(i) Dhá** chineál:<br>(ii) Míniúchán: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m)<br>5 mharc (3m + 2m) | 15 |
| **(C)** | **(i) Dhá** fhreagra: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| **(D)** | **Trí** mhíniú: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** bhuntáiste: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

## CEIST 6

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Dhá** fheidhm: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| **(B)** | Dhá mhodh<br>Dhá mhíniú<br>Dhá shampla: | @ 3 mharc an ceann<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m)<br>@ 2 mharc an ceann | 20 |
| **(C)** | Cóimheas an Chaipitil Oibre:<br>Cóimheas na Fíorthástála: | 9m (3m + 4m + 2m)<br>11m (3m + 6m + 2m) | 20 |
| **(D)** | **Dhá** chostas: | @ 5 mharc an ceann | 10 |
| **(E)** | **Dhá** Thionscnamh Díolachán: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

## CEIST 7

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Dhá chéim**:**<br>**(ii)** Dhá shampla: | 3 mharc + 2 mharc<br>@ 5 mharc an ceann | 15 |
| **(B)** | **Dhá** fheidhm: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **(i)** Míniú:<br>**(ii)** Spriocmhargadh: | 12 mharc (6m + 6m)<br>8m | 20 |
| **(D)** | Léaráid: | 10 marc (4m + 2m +4m) nó (5 @2m) | 10 |
| **(E)** | **(i)** Míniú:<br>**(ii)** Dhá chéim: | 7 marc (4m + 3m)<br>@ 4 mharc an ceann (2m + 2m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

## CEIST 8

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Dhá** dhifríocht: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(B)** | Dhá cheannteideal<br>Dhá mhíniú | @ 4 mharc an ceann<br>@ 6 mharc an ceann | 20 |
| **(C)** | **Trí** mhíniú | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(D)** | **Dhá** ghné | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** dhúshlán: | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

# FREAGRAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO – 2018

**ROINN 1: CEISTEANNA GEARRFHREAGRA 100 marc**

| C. | Freagraí a bhfuiltear ag Súil leo | Marcanna |
|---|---|---|
| 1. | **Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?**<br>CCÚT (DIRT) Cáin Choinneála ar Ús Taisce<br>UAP (PIN) Uimhir Aitheantais Phearsanta<br>ÍMAT (PAYE) Íoc mar a Thuillir | **10m**<br>4<br>3<br>3 |
| 2. | **Scríobh an focal INFHIONTRAÍ nó an focal FIONTRAÍ i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas chun a chur in iúl cé acu infhiontraíocht nó fiontraíocht atá i gceist iontu.**<br>Sony Infhiontraí<br>Ollscoil Stanford Fiontraí<br>Facebook Infhiontraí<br>Google Infhiontraí<br>O'Connor Fiontraí | **10m**<br>2<br>2<br>2<br>2<br>2 |
| 3. | **Phríobháidigh Rialtas na hÉireann Bord Gáis in 2014. Mínigh an téarma príobháidiú.**<br>Tagraíonn príobháidiú don rialtas ag díol cuideachta faoi úinéireacht an stáit le cuideachta faoi úinéireacht phríobháideach. Baineann sé le úinéireacht fiontair phoiblí a aistriú chuig úinéirí príobháideacha. | **10m**<br>4 + 3 + 3 |
| 4. | **Roghnaigh na focail chuí chun an abairt thíos a chríochnú.**<br>Is é atá i gceist le **CUMASC** ná dhá ghnólacht ag teacht le chéile dá ndeoin féin chun gnólacht amháin a dhéanamh díobh, agus is é atá i gceist le **COMHGHUAILLÍOCHT STRAITÉISEACH** ná dhá ghnólacht ag obair le chéile ar thionscadal faoi leith agus gan aon athrú a theacht ar úinéireacht na ngnólachtaí. | **10m**<br>6 + 4 |
| 5. | **Anailís LLDB:**<br>1. *Láidreachtaí*<br>2. Laigí<br>3. Deiseanna<br>4. Bagairtí | **10m**<br>4<br>3<br>3 |
| 6. | **Ríomhaireachtaí:**<br>(i) ÁSPC €2,800 (70,000 x 4 / 100)<br>(ii) MSU €2,100 (70,000 x 3 / 100)<br>(iii) Asbhaintí Iomlána €21,790<br>(iv) Pá a Thugtar Abhaile €48, 210 | **10m**<br>2 + 1<br>2 + 1<br>2<br>2 |

| | | |
|---|---|---|
| **7.** | **Fíor nó Bréagach:** | **10m** |
| | Cáin ar bhrabúis na cuideachta — BRÉAGACH | 3 |
| | Réise rialúcháin — FÍOR | 3 |
| | Grúpaí Sainleasa — FÍOR | 2 |
| | Ceardchumann — BRÉAGACH | 2 |
| **8.** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chineál gníomhaíocht thionsclaíoch oifigiúil is féidir le ceardchumann a dhéanamh mar chuid d'aighneas caidrimh thionsclaíoch.** | **10m** |
| | **Stailc Oifigiúil** – nuair nach dtagann na fostaithe chuig a n-ionad oibre agus go ndiúltaíonn siad a gcuid dualgais oibre a dhéanamh. Tá rúnbhallóid, fógra ceart don fhostóir agus ceadú ICTU i gceist le stailc oifigiúil. | 3 + 2 |
| | **Oibriú de réir Rialach** – nuair nach dtugann na fostaithe ach faoi na poist bheachta atá scríofa ina sainchuntas poist/gconradh fostaíochta. Leanann na hoibrithe rialacha a gconarthaí fostaíochta le 'fuarlitir an dlí'. | 3 + 2 |
| | **Cosc ar ragobair / Obair go mall** – Ní oibríonn fostaithe ach an t-am oibre díreach mar atá sonraithe ina gconarthaí. Diúltaíonn fostaithe uaireanta breise a oibriú. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina bhunús le briseadh mór, rud is cúis le horduithe caillte agus le díolacháin chaillte, go háirithe le linn buaic-amanna trádála, e.g. siopa bréagán um Nollaig. | |
| | **Stailc Chomharthach** – Stopadh gairid oibre ag na hoibrithe chun aird a tharraingt ar a míshástacht maidir le saincheist. Tugann sé le fios go bhféadfaí gníomhaíocht bhreise níos tromchúisí a dhéanamh mura dtiocfar ar chomhaontú. | |
| **9.** | **Déan Meamram ó Mháire de Mórdha, bainisteoir TF, chuig gach bainisteoir rannóg a dhréachtú le meabhrú dóibh gach ball den fhoireann a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le sonraí íogaire a chosaint ar chibear-bhagairtí slándála. Bíodh dáta an lae inniu agat ar an meamram.** | **10m** |
| | **MEAMRAM** | |
| | **Chuig:** Gach Bainisteoir Rannóige | 2 |
| | **Ó:** Máire de Mórdha | 1 |
| | **Dáta:** 14 Meitheamh 2018 | 2 |
| | **Maidir le:** Cosaint sonraí íogaire: | 1 |
| | Cuir in iúl do gach ball foirne le bhur dtoil chomh tábhachtach is atá sé sonraí íogaire a chosaint ó chibear-bhagairtí slándála. | 2 |
| | **Síniú:** *Máire de Mórdha* **Teideal:** Bainisteoir TF | 1 + 1 |

| | | |
|---|---|---|
| **10.** | **Déan cur síos, agus sampla á thabhairt agat, ar a bhfuil i gceist le cuideachta ilnáisiúnta.**<br>Is éard is cuideachta ilnáisiúnta ann ná gnó a bhfuil a cheanncheathrú i dtír amháin agus a bhfuil go leor oifigí/suíomhanna cuideachta aige ar fud an domhain.<br>e.g. is gnó é Google a bhfuil a cheanncheathrú aige i Stáit Aontaithe Mheiriceá ach a bhfuil oibríochtaí agus oifigí aige i suíomhanna eile cosúil le Baile Átha Cliath. | **10m**<br>4 + 3<br>3 |
| **11.** | **I gcomhthéacs cruinnithe, mínigh na téarmaí clár agus miontuairiscí.**<br>Is liosta é **clár** de na míreanna go léir a phléifear ag cruinniú. Tugann sé ord gnó do chruinniú. Cuireann clár struchtúr ar chruinniú.<br>Is é is **miontuairiscí** cruinnithe ann taifead i scríbhinn ar na rudaí a tharla ag cruinniú. Cáipéisíocht scríofa iad miontuairiscí ar na daoine a d'fhreastail ar chruinniú, na saincheisteanna a pléadh agus na cinntí a rinneadh ag an gcruinniú. | **10m**<br>3 + 2<br>3 + 2 |
| **12.** | **Tosca Táirgeacht:**<br>TALAMH *Saothar* CAIPITEAL FIONTRAÍOCHT | **10m**<br>4 + 3 + 3 |
| **13.** | **Cuir in iúl cén modh Caidreamh Poiblí (PR) atá in úsáid:**<br>*Vodafone agus foireann Rugbaí na hÉireann:* Urraíocht<br>*David Beckham agus Mórshiopa H&M*: Tacaíocht Ceiliúráin<br>*Fógra Apple:* Preaseisiúint | **10m**<br>4<br>3<br>3 |
| **14.** | **Léirigh le tic (✓) sa bhosca ceart, an cineál plean lena mbaineann gach ráiteas thíos faoi uachtar reoite Ben & Jerry.** | **10m** |

| Ráiteas | Plean Strait-éiseach | Plean Oirbhear-taíochta | Ráiteas Misin | Plean Teag-mhais | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|
| Tá sé mar aidhm ag Ben & Jerry rathúnas nasctha a chruthú do gach duine atá bainteach lena ngnólacht: soláthraithe, feirmeoirí, saincheadúnaithe, custaiméirí agus comharsana. | | | ✓ | | 3 |
| Tá sé mar aidhm ag Ben & Jerry leanúint ag cur leis an raon táirgí agus leis na láithreacha atá acu as seo go ceann deich mbliana. | ✓ | | | | 3 |
| Aistreoidh Ben & Jerry chuig foinsí neamhdhéiríochta dá n-uachtar reoite má bhíonn ganntanas bainne ann. | | | | ✓ | 2 |
| Cuirfidh Ben & Jerry leis an raon d'uachtar reoite veigeánach atá acu as seo go ceann sé mhí. | | ✓ | | | 2 |

**15.** **Meaitseáil na téarmaí leis na míniúcháin:** **10m**

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. |
|---|---|---|---|---|
| **E** | **A** | **F** | **B** | **D** |
| 3 | 3 | 2 | 1 | 1 |

10

# ROINN 2

## CUID 1

### CEIST 1

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **A** | **Maidir leis na páirtithe leasmhara seo a leanas i ngnólacht,**<br><br>(i) mínigh an téarma **fostaí**.<br><br>Is é is fostaí ann duine a oibríonn do chuideachta i dtáirgeadh earraí nó seirbhísí i gcomhair táille ar a dtugtar pá nó tuarastal.<br><br>(ii) mínigh an téarma **bainisteoir**.<br><br>Is é is bainisteoir ann duine atá freagrach as eagraíocht nó grúpa foirne a rialú nó a riaradh. | **15m**<br><br><br><br>8<br>(4 + 4)<br><br><br><br>7<br>(4 + 3) |
| **B** | **Déan cur síos ar an gcaidreamh a d'fhéadfadh a bheith ag na páirtithe leasmhara seo a leanas le gnólacht:**<br><br>(i) **Infheisteoir:**<br>Cuireann infheisteoir an t-airgeadas/caipiteal ar fáil a theastaíonn ón ngnólacht/bhfiontraí. Bíonn an t-infheisteoir ag súil le toradh ar an infheistíocht, i bhfoirm díbhinní de ghnáth.<br><br>(ii) **Soláthraí**:<br>Cuireann soláthraí amhábhair, comhpháirteanna agus earraí críochnaithe ar fáil don ghnólacht. D'fhéadfadh an caidreamh a bheith comhoibritheach nó iomaíoch maidir leis na saincheisteanna seo a leanas; praghas amhábhair, idirbheartaíochtaí, seasamh le conarthaí agus amanna seachadta. Ba cheart don soláthraí táirge ardchaighdeáin a chur ar fáil agus íocaíocht a fháil nuair atá sé dlite. | **15m**<br><br><br><br>8<br>(4 + 4)<br><br><br><br>7<br>(4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| C | **Má cheannaíonn tomhaltóir táirge lochtach, cé atá freagrach – an miondíoltóir nó an déantóir?**<br>**Mínigh do fhreagra agus ainmnigh an dlí a thugann cosaint don tomhaltóir sa chás sin.**<br><br>Tá an Miondíoltóir freagrach.<br>Nuair a cheannaíonn tusa, an tomhaltóir, táirgí ó mhiondíoltóir, déanann tú conradh leis an miondíoltóir (ní leis an déantóir). Aontaíonn tú le hearraí a cheannach ag praghas áirithe. Má tá an táirge a ceannaíodh lochtach (mura bhfuil sé feiliúnach don chuspóir nó nach bhfuil sé i riocht díola), is é an miondíoltóir, ní an déantóir atá freagrach. Caithfidh an miondíoltóir déileáil le do ghearán agus aisíocaíocht, táirge ionaid nó deisiúchán ar an táirge a thairiscint duit.<br><br>**Dlí Tomhaltais Ábhartha** – An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980. | **15m**<br><br><br>3<br><br>6<br>(3 + 3)<br><br><br><br><br>6 |
| D | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste don tomhaltóir as cás a thabhairt chuig Cúirt na Mionéileamh**.<br><br>• **Saor/Costas Íseal:** Ní chosnaíonn sé ach €25 cás a thabhairt chuig Cúirt na Mionéileamh.<br>• **Níl aon Aturnaetha páirteach:** Níl ar an tomhaltóir íoc as ionadaíocht dhlíthiúil.<br>• **Áisiúil:** Éistear cásanna sa chúirt dúiche áitiúil. Éasca a rochtain. Is féidir an t-iarratas a dhéanamh ar líne.<br>• **Réiteach Tapa:** Mar gheall go n-éistear an cás go háitiúil réitítear an gearán go tapa.<br>• **Cóir:** Éisteann breitheamh sa Chúirt Dhúiche an cás; éisteann sé leis an dá thaobh agus tugann sé a bhreith. Tá an breitheamh neamhchlaonta.<br><br>Dearadh nós imeachta Chúirt na Mionéileamh le déileáil le héilimh suas go dtí €2,000. | **15m**<br><br>8<br>(4 + 4)<br><br>7<br>(4 + 3) |
| E | **Liostaigh ceithre cinn d'fhorais ar a dtoirmisctear leithcheal san áit oibre**.<br><br>• Inscne<br>• Aois<br>• Creideamh<br>• Gnéaschlaonadh<br>• Míchumas<br>• Stádas pósta<br>• Stádas teaghlaigh<br>• Cine<br>• Duine den lucht siúil. | **15m**<br><br>4<br>4<br>4<br>3 |

**CEIST 2**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **(i) Ainmnigh an earnáil den gheilleagar ina bhfeidhmíonn Tógáil JSK Teo.**<br><br>Earnáil Thánaisteach.<br><br>**(ii) Mínigh earnáil amháin eile den gheilleagar agus tabhair sampla amháin de ghairm san earnáil sin.**<br><br>**An Earnáil Phríomhúil:**<br>Tugtar na tionscail eastóscacha orthu chomh maith, baineann siad le hamhábhair a bhaint as acmhainní nádúrtha.<br><br>Samplaí: Feirmeoir/Feirmeoireacht/Talmhaíocht, Iascaire/Iascaireacht, Foraoiseacht, Mianadóireacht.<br><br>**Earnáil Threasach:**<br>Is í seo earnáil na seirbhísí, a chuireann réimse leathan seirbhísí ar fáil do na tionscail eile ar fad. Is í seo an earnáil is mó i ngeilleagar na hÉireann.<br><br>Samplaí: Gruagaire, tiománaí tacsaí, seirbhísí airgeadais, miondíol, teileachumarsáid. *Glac le freagraí cuí eile.* | **15m**<br><br>5<br><br>2<br>4<br>(2 + 2)<br>4 |
| B | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann an geilleagar áitiúil as Tógáil JSK Teo.**<br><br>• Fostaíocht – cruthóidh obair thógála fostaíocht dhíreach.<br>• Seachthairbhí/Díolacháin Mhéadaithe do ghnólachtaí áitiúla eile – mar gheall ar obair thógála, caithfidh na hoibrithe níos mó airgid i ngnólachtaí áitiúla.<br>• Cuirfidh Soláthraithe Áitiúla agus Soláthróirí Seirbhíse amhábhair agus seirbhísí ar fáil – rud a mhéadóidh díolacháin do ghnólachtaí áitiúla.<br>• Caighdeán maireachtála níos fearr – Beidh caighdeán maireachtála níos fearr ag daoine áitiúla mar gheall ar áiseanna nua a fhorbrófar sa cheantar. | **15m**<br><br>8<br>(4 + 4)<br><br>7<br>(4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| **C** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí chúis a ndéanann cuideachtaí ilnáisiúnta cinneadh lonnú in Éirinn.**<br><br>• **Rochtain ar mhargaí an AE:** saorthrádáil le ballstáit eile an AE. Rochtain ar mhargadh ina bhfuil níos mó ná 500 milliún duine.<br><br>• **Cáin Chorparáide Íseal (12.5%):** Roghnaíonn cuideachtaí ilnáisiúnta bunú in Éirinn mar gheall go n-íocfaidh siad níos lú cáin ar na brabúis a ghineann siad. Tá ráta cháin chorparáide níos ísle ag Éirinn ar bhrabúis na cuideachta ná mar atá ag tíortha eile na hEorpa.<br><br>• **Duine den limistéar Euro a labhraíonn Béarla:** Is í Éire an t-aon tír amháin a úsáideann an Euro ina bhfuil an Béarla mar chéad teanga inti. Mar gheall gurb é an Béarla teanga idirnáisiúnta an ghnó, roghnaíonn cuideachtaí Meiriceánacha agus Áiseacha Éire ionas nach mbeidh an oiread deacrachtaí cumarsáide acu.<br><br>• **Lucht oibre sároilte:** Tallann an lucht saothair. Líon ard céimithe tríú leibhéal ar fáil.<br><br>• Dreasachtaí **Dheontais an Rialtais** trí GFT Éireann.<br><br>• **Cuntas Teiste:** Tá cáil bunaithe ag Éirinn mar áit mhaith do ghnólachtaí eachtrach chun a gceanncheathrú Eorpach a lonnú. E.g. Lean cuideachtaí ilnáisiúnta cosúil le Google, Stripe, Twitter Apple agus Facebook agus lonnaigh siad a gCeanncheathrú Eorpach in Éirinn. | **20m**<br><br>7<br>(5 + 2)<br><br>7<br>(5 + 2)<br><br>6<br>(5 + 1) |
| **D** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá shampla d'iompar eiticiúil ag gnólacht.**<br><br>• Praghsanna réasúnta a íoc le soláthraithe, conarthaí a chomhlíonadh.<br>• Pá féaráilte a íoc le fostaithe.<br>• Cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn, e.g. fáil réidh le dramhaíl.<br>• Faisnéis airgeadais atá macánta agus beacht a thabhairt d'infheisteoirí.<br>• Bheith macánta maidir le botúin.<br>• Táirgí d'ardchaighdeán a chur ar fáil ag praghas féaráilte agus seirbhís iardhíolacháin éifeachtach a chur ar fáil do thomhaltóirí. | **15m**<br><br>8<br>(4 + 4)<br><br>7<br>(4 + 3) |
| **E** | **Mínigh an téarma dliteanas teoranta.**<br><br>Ciallaíonn **Dliteanas Teoranta** má bhíonn cuideachta féimheach nach bhfuil úinéirí na cuideachta freagrach go pearsanta as fiacha uile na cuideachta – ní chaillfidh siad ach an méid airgid a d'infheistigh siad sa ghnó. Ní féidir sócmhainní pearsanta scairshealbhóirí a ghlacadh chun fiachas a aisíoc. Féachtar orthu mar aonán dlí ar leith don ghnó. | **10m**<br><br>5 + 5 |

**CEIST 3**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **Ón eolas atá tugtha i bhFoinse 1, ríomh Comhordú na nÍocaíochtaí do mhí an Mhárta.**<br><br>**(i) Comhardú na nÍocaíochtaí:**<br>Easpórtálacha Iomlána €11.0 billiún lúide Iompórtálacha Iomlána €5.8 billiún<br>= Comhardú na nÍocaíochtaí: €5.2 billiún<br><br>**(ii)** Barrachas nó Easnamh: **Barrachas** | **15m**<br><br><br>2 + 2 + 2<br><br>4<br><br>5 |
| B | **Mínigh agus tú ag úsáid sampla i ngach cás, an difríocht idir easpórtálacha sofheicthe agus iompórtálacha sofheicthe**.<br><br>Is earraí fisiceacha iad **Easpórtálacha Sofheicthe** a dhíolann gnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn le custaiméirí i dtíortha eile (a dhíoltar le tíortha eile).<br>Samplaí: Feistí leighis, cógaisíocht, táirgí déiríochta atá á ndéanamh in Éirinn agus a dhíolann gnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn le tíortha eile.<br><br>Is earraí a cheannaíonn custaiméirí Éireannacha ó ghnólachtaí atá lonnaithe i dtíortha eachtracha iad **Iompórtálacha Sofheicthe.**<br>Samplaí: Tomhaltóirí na hÉireann ag ceannach carranna ó dhíoltóirí sa Ríocht Aontaithe, nó fíon na Fraince á cheannach ag gnólachtaí Éireannacha ó tháirgeoirí/fheirmeacha fíona sa Fhrainc. | **15m**<br><br><br>5<br>(3 + 2)<br><br>3<br><br>4<br>(2 + 2)<br><br>3 |
| C | **Ón eolas atá tugtha i bhFoinse 2,**<br>**(i) Ainmnigh an tír a bhfuil an céatadán is mó d'easpórtálacha an domhain aici.**<br>an tSín<br><br>**(ii) Ainmnigh an céatadán d'easpórtálacha an domhain a chuireann an AE ar fail.**<br>16% | **15m**<br><br><br>8<br><br><br>7 |
| D | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste atá le baint ag gnólachtaí Éireannacha as easpórtáil laistigh den Aontas Eorpach.**<br><br>**Níl aon bhac ar an trádáil** – saorghluaiseacht earraí idir tíortha ionas nach mbeidh ar ghnólacht Éireannach aon cháin a íoc.<br>**Airgeadra an Euro** – Ní bhíonn ar ghnólachtaí Éireannacha atá ag díol leis na 18 dtír eile sa limistéar euro a úsáideann an Euro imní a bheith orthu faoi luaineachtaí sa ráta malartaithe.<br>**Bonn mór custaiméara** – Méadóidh an rochtain ar os cionn 500 milliún saoránach AE díolacháin agus brabúis. | **15m**<br><br><br>8<br>(4 + 4)<br><br>7<br>(4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| **E** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá dhúshlán atá roimh ghnólachtaí Éireannacha atá ag easpórtáil chun na Síne.**<br><br>**Deacrachtaí teanga** – Deacrachtaí margaíochta agus bolscaireachta nuair atá ábhair margaíochta/fógraíochta á n-aistriú.<br><br>**Difríochtaí cultúrtha** – Ní bheidh táirgí Éireannacha áirithe inghlactha sa tSín.<br><br>**Deacrachtaí iompair** – Costais iompair mhéadaithe mar gheall ar fhad. Fadhbanna iompair mar gheall ar dhrochaimsir nó saincheisteanna um chaidreamh tionsclaíoch.<br><br>**Luaineachtaí airgeadra** – D'fhéadfadh meath teacht ar an éileamh ar easpórtálacha Éireannacha mar gheall ar athruithe san airgeadra i.e. de réir mar a láidríonn an euro, laghdaíonn an t-éileamh ar onnmhairí na hÉireann.<br><br>*Glac le pointí ábhartha i ndáil le:*<br>Deacrachtaí íocaíochtaí, reachtaíocht agus iomaíochas méadaithe ó iomaitheoirí a dhíolann ar chostas íseal. | **15m**<br><br>8<br>(4 + 4)<br><br><br>7<br>(4 + 3) |

**CEIST 4:**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **A** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí thréith/scil fiontraíochta a léirigh Michelle.** (Déan tagairt don téacs i do fhreagra)<br><br>**Duine a ghlacann rioscaí –** D'éirigh sí as a post agus rinne sí a cuid coigiltis a infheistiú in "Bia den scoth ó Dhaoine den scoth".<br><br>**Nuálach/Cruthaitheach** – Shainaithin Michelle deiseanna nua maidir le foinsiú bia shláintiúil trína gnó féin a bhunú.<br><br>**Dírithe ar an todhchaí / uaillmhianach** – Bíonn cruinnithe seachtainiúla aici leis an bhfoireann oibre agus d'fhógair sí le déanaí go raibh pleananna aici seirbhís seachadta a thairiscint do chustaiméirí a chláraíonn do bhéile seachtainiúil.<br><br>**Cinntitheach** – Bhunaigh sí a gnó féin.<br><br>Muiníneach<br>Úsáideann sí tionscnaíocht<br><br>*Glac le freagraí cuí eile.* | **15m**<br><br>5<br>(3 + 2)<br><br>5<br>(3 + 2)<br><br>5<br>(3 + 2) |
| **B** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá mhodh cumarsáide, seachas cruinnithe, a d'fhéadfadh Michelle a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis an bhfoireann oibre atá aici.**<br><br>**Ó bhéal:** Fón póca<br>**I scríbhinn:** Clár fógraí, meabhrán, ríomhphost, teachtaireacht téacs, WhatsApp<br>**Amhairc:** Osteilgeoir, na meáin shóisialta. | **15m**<br><br>8<br>(4 + 4)<br>7<br>(4 + 3) |
| **C** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá ghné de chur chuige na ceannaireachta daonlathaí**.<br><br>• Tarmligean – creidtear go spreagtar an fhoireann trí fhreagracht as tascanna a thabhairt dóibh.<br>• An fhoireann a bheith páirteach i gcinnteoireacht – an fhoireann a spreagadh trí fhostaithe a bheith páirteach i gcinnteoireacht, muinín as a gcumas.<br>• Cumarsáid leis an bhfoireann – cumarsáid dhéthaobhach – comhairliúchán – lorgaítear ionchur ón bhfoireann.<br>• Pléitear fadhbanna leis an bhfoireann – meas ar thuairim na foirne.<br>• Stíl cheannaireachta níos cuimsithí – i dtéarmaí cinnteoireachta.<br>• Spreagtar an infhiontraíocht<br>• Luachanna saothair a thabhairt don fhoireann trí mholadh, ardú céime, cumhachtú. | **15m**<br><br>8<br>(4 + 4)<br><br>7<br>(4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| **D** | **(i) I do fhreagarleabhar, ainmnigh na riachtanais atá uimhrithe 1-5. (Tosaíochtaí na Riachtanas ag Maslow)**<br><br>1 = Riachtanais Bhunúsacha/Fhisiceacha<br>2 = Riachtanais Slándála/Sábháilteachta<br>3 = Riachtanais Shóisialta.<br>4 = Riachtanais Urraime<br>5 = Riachtanais Féinachtála<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas, agus tú ag úsáid samplaí, ar an mbealach ar féidir le bainisteoir riachtanais shóisialta a c(h)uid fostaithe a shásamh.**<br><br>• Imeachtaí a eagrú don fhoireann<br>• Imeachtaí foirne a eagrú – "laethanta nasctha"<br>• Cumann sóisialta a eagrú le himeachtaí rialta – rugbaí leaiste foirne, siúlóid/fánaíocht foirne<br>• Obair foirne a chur chun cinn<br>• Caitheamh go cóir le gach fostaí agus imeachtaí sóisialta á n-eagrú<br>• Struchtúr eagrúcháin maitríse a roghnú. | **20m**<br><br>2<br>2<br>2<br>2<br>2<br><br>5<br>(3 + 2)<br><br>5<br>(3 + 2) |
| **E** | **Mínigh dhá chúis a bhfuil rialú stoic an-tábhachtach do ghnólacht bia.**<br><br>Baineann rialú stoic lena chinntiú go bhfuil dóthain stoic ag an ngnólacht i gcónaí chun riachtanais an chustaiméara a shásamh. Is éard atá i gceist leis stocáireamh a dhéanamh go rialta, fios a bheith agat cé chomh fada is a thógann athorduithe, fios a bheith agat ar an uasmhéid agus an íosmhéid stoc a theastaíonn i gcónaí.<br><br>Má dhéantar rialú stoic éifeachtach feicfear:<br>• **Sástacht Custaiméara Mhéadaithe** – níos lú easnaimh táirgí nó easnaimh bia úr.<br>• **Costais laghdaithe** – laghdaítear costais stórála, árachais, slándála agus riaracháin.<br>• **Éifeachtúlacht mhéadaithe** – níos lú earráidí daonna, níos lú stoc as feidhm.<br>• **Sainaithnítear caillteanais stoic trí ghoid**, níos lú mionghadaíochta dá bharr.<br>• **Úsáidfear caipiteal oibre ar bhealach éifeachtúil** – ní shrianfar é le barraíocht stoic.<br>• **Níos lú diomailt** – pléitear in am le earraí somheata agus spriocdháta díola. | **10m**<br><br>5<br>(3 + 2)<br><br>5<br>(3 + 2) |

**CEIST 5**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **Mínigh ceithre cinn ar bith de na téarmaí árachais a bhfuil líne fúthu thuas.** | **20m** |
| | **Préimh** – an táille a íocann an sealbhóir polasaí leis an gcuideachta árachais as árachas (chun an riosca a chlúdach) Ríomhann an t-achtúire an préimh. | 5<br>(3 + 2) |
| | **Bónas cheal éilimh** – laghdú / lascaine sa phréimh do shealbhóir polasaí nár lorg aon chúiteamh, e.g. laghdú 50% in árachas gluaisteáin mura bhfuil éileamh déanta le 5 bliana anuas. | 5<br>(3 + 2) |
| | **Ualú** – táille/costas breise a chuirtear leis an mbunphréimh ar pholasaí árachais chun rioscaí níos airde a chlúdach, e.g. bítear ag súil go mbeidh níos mó éileamh ag tiománaithe faoi 25 bliain d'aois agus dá bhrí sin iarrtar orthu préimheanna níos airde a íoc. | 5<br>(3 + 2) |
| | **Polasaí Árachais** – is é seo an conradh idir an t-árachaí agus an t-árachóir. Is cáipéis é ina leagtar amach sonraí na rioscaí a chumhdaítear, tréimhse an chumhdaigh, agus na téarmaí agus coinníollacha ar fad sa chomhaontú árachais. | 5<br>(3 + 2) |
| | **Barrachas Polasaí** – tagraíonn sé don mhéid airgid gur gá don duine faoi árachas (sealbhóir beartais) a íoc i dtreo na ndamáistí/an éilimh sula bhfaigheann siad cúiteamh as an damáiste ón gcuideachta árachais. Má bhíonn comhaontú ann chun barrachas níos airde a íoc, d'fhéadfaí an phréimh a laghdú. | |

| | | |
|---|---|---|
| **B** | **(i) Tabhair breac-chuntas ar dhá chineál árachais, seachas árachas gluaisteán.**<br><br>• **Árachas Réadmhaoine, Foirgneamh & Inneachair** – chun caillteanas airgeadais i bhfoirgnimh agus inneachar a chumhdach i gcás buirgléireachta nó damáiste.<br>• **Árachas Dliteanais Phoiblí** – chun caillteanas airgeadais a chumhdach má ghortaítear duine den phobal san áitreabh.<br>• **Árachas Dliteanais Fostóra** – chun caillteanas airgeadais a chumhdach má ghortaítear ball foirne san áitreabh.<br>• **Árachas um Earraí faoi Bhealach** – chun cumhdach a thabhairt ar earraí a bhféadfaí damáiste a dhéanamh dóibh agus iad á n-iompar chuig custaiméir.<br>• **Árachas um Fhuinneoga Plátghloine** – chun caillteanas airgeadais a chumhdach dá mbrisfí gloine fuinneoige.<br>• **Árachas Dliteanais i leith Táirgí** – chun damáiste a chumhdach dá ngortófaí tomhaltóir a mbeadh táirge de chuid na cuideachta a úsáid aige nó aici.<br>• **Árachas Ráthaíochta Dílseachta** – tugann sé cosaint in aghaidh gadaíocht fostaithe.<br><br>**(ii) Mínigh an prionsabal árachais 'meon lánmhaith'.**<br>Is éard is Meon Lánmhaith ann prionsabal árachais ina luaitear gur gá don duine/ghnólacht a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar árachas gach ceist a fhreagairt go fírinneach agus gach **fíric ábhartha** a nochtadh agus an fhoirm thogra á comhlánú acu. Cuireann sé seo ar chumas an árachóra an phréimh a ríomh i gceart. Má fhaightear amach gur coinníodh aon fhíricí ábhartha siar, d'fhéadfaí an conradh árachais a chur ar ceal. | **15m**<br><br>5<br>(3 + 2)<br><br>5<br>(3 + 2)<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>5<br>(3 + 2) |
| **C** | **Mínigh cé acu ualú préimhe nó laghdú préimhe (lascaine) a bheadh mar thoradh ar gach ceann de na freagraí ar an bhfoirm thogra thuas i gcomhair árachas gluaisteán.**<br><br>1. Beidh **lascaine** ar an bpréimh mar thoradh ar cheist a haon mar gheall go laghdófar an riosca goidte de bharr aláram/bac dúisithe a bheith ann.<br>2. Beidh **ualú**/méadú ar an bpréimh mar thoradh ar cheist a dó. Measann cuideachtaí árachais pointí pionóis a bheith ionann leis an iomarca luais, agus baol níos mó timpiste don sealbhóir beartais. | **10m**<br><br>5<br>(3 + 2)<br><br>5<br>(3 + 2) |

| | | |
|---|---|---|
| D | **Mínigh trí cinn ar bith de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.**<br><br>**Tuarastal**<br>Cineál luach saothair nuair a fhaigheann fostaí méid sheasta airgid gach coicís/mí/bliain d'ainneoin uaireanta breise a dhéantar.<br><br>**Sochar Comhchineáil**<br>Cineál ioncaim neamhairgeadais. Téarma eile air ná peorcais. Tá luach airgeadais an tsochair comhchineáil faoi réir cáin ioncaim. D'fhéadfaí a áireamh ann béilí in aisce, dearbháin lóin, carr cuideachta, fón póca oibre.<br><br>**Sonraíocht faoin bpearsa**<br>Déantar cur síos anseo ar na cáilíochtaí is ceart a bheith ag an té a cheapfar. Áireofaí anseo cáilíochtaí acadúla, taithí oibre roimhe seo agus saintréithe agus scileanna pearsanta ábhartha.<br><br>**Oiliúint**<br>Gníomhaíocht eagraithe atá anseo atá dírithe ar an eolas agus na scileanna a theastaíonn do phost áirithe a roinnt. Áirítear le cineálacha éagsúla oiliúna oiliúint ar an láthair oibre agus oiliúint ionduchtaithe. | **15m**<br><br>5<br>(3 + 2)<br><br>5<br>(3 + 2)<br><br>5<br>(3 + 2) |
| E | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le hobair foirne i ngnólacht.**<br><br>• Cinnteoireacht níos fearr: má bhíonn saineolas agus taithí níos fearr i suíomh foirne beidh an chinnteoireacht níos fearr.<br>• Meanma níos fearr i measc na foirne: méadaíonn an mheanma i measc na foirne de réir mar a fhaigheann fostaithe sástacht ó oibriú le daoine eile Feabhsaítear caighdeán na hoibre dá bharr.<br>• Caidreamh foirne níos fearr: déanann an fhoireann teagmhálacha maithe le baill eile foirne agus feabhsaíonn sé spreagadh.<br>• Ualach oibre roinnte: cuireann gach ball foirne leis.<br>• Feabhsaítear cumarsáid: teastaíonn cumarsáid mhaith i gcomhair obair foirne.<br>• Cuirtear obair i gcrích níos tapúla: feabhsaítear éifeachtúlacht nuair a bhíonn níos mó daoine ag obair le chéile ar thasc.<br>• Gintear smaointe cruthaitheacha: féadann moltaí smaointe nua a chruthú.<br>• Neamhláithreacht foirne laghdaithe: aithníonn fostaí a oibríonn mar chuid d'fhoireann go mbraitheann an chuid eile den fhoireann air. Eascraíonn táirgeacht níos fearr, neamhláithreacht níos lú as sin. | **15m**<br><br>8<br>(4+4)<br><br>7<br>(4+3) |

## CEIST 6

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **Tabhair breac-chuntas ar dhá fheidhm atá ag an bhfógraíocht.**<br><br>• Eolas a thabhairt do thomhaltóirí maidir le táirge nó seirbhís.<br>• Feasacht a chruthú ar tháirgí agus seirbhísí nua.<br>• Cur ina luí ar chustaiméirí táirgí gnólachta a cheannach seachas táirgí iomaitheoirí.<br>• Muinín a chruthú i dtáirgí agus an fonn lena cheannach.<br>• Meabhrú do chustaiméirí go bhfuil táirgí/seirbhísí fós ann.<br>• Dílseacht branda a chruthú/caidreamh le custaiméirí a fheabhsú.<br>• Díolacháin agus sciar den mhargadh a mhéadú mar thoradh ar na feidhmeanna thuas. | **10m**<br><br>5<br>(3 + 2)<br><br>5<br>(3 + 2) |
| B | **Mínigh an dá mhodh taighde margaidh agus tabhair sampla amháin de gach modh**.<br><br>**Taighde Deisce:**<br>Baineann rochtain nó úsáid faisnéise a bailíodh cheana féin le taighde deisce. Taighde tánaisteach atá ann agus d'fhéadfadh sé bheith inmheánach nó seachtrach. Is féidir le taighde deisce faisnéis a chur ar fáil faoi iomaitheoirí agus faoi phatrúin chaiteachais tomhaltóirí.<br>Tá taighde deisce measartha saor, coinníonn sé seo na costais síos, agus cinntítear gnólacht iomaíoch dá bharr.<br><br>Samplaí de thaighde deisce: an t-idirlíon, tuarascálacha inmheánacha díolachán, tuarascálacha trádála, foilseacháin na Príomh-Oifige Staidrimh, nuachtáin.<br><br>**Taighde allamuigh:**<br>Is éard atá i gceist le taighde allamuigh ná dul isteach sa mhargadh chun faisnéis ghnó a fháil go pearsanta nó chun faisnéis nua ghnó a fháil.<br>Taighde príomhúil atá ann a dtugtar faoi trí theagmháil dhíreach a dhéanamh le custaiméirí nó le custaiméirí ionchasacha.<br>De ghnáth, bíonn taighde allamuigh costasach agus glacann sé cuid mhór ama, ach tugann sé faisnéis shonrach faoi iompraíocht an spriocmhargaidh.<br><br>Samplaí de thaighde allamuigh: suirbhéanna, breathnóireacht, ceistneoirí agus painéil chustaiméirí. | **20m**<br><br>3<br><br>5 (3 + 2)<br><br>2<br><br>3<br><br>5 (3 + 2)<br><br>2 |

| | | |
|---|---|---|
| **C** | **Ríomh Cóimheas an Chaipitil Oibre agus Cóimheas na Fíorthástála i dtaca le Bialann Iodálach Genoa.**<br><br>**Cóimheas an Chaipitil Oibre**<br>Sócmhainní Reatha: Dliteanais Reatha 3<br>= 84,000 : 42,000 4<br>= 2 : 1 2<br><br>**Cóimheas na Fíorthástála**<br>(Sócmhainní Reatha – Stoc Deiridh) : Dliteanais Reatha 3<br>= (84,000 – 14,000) : 42,000 6<br>[= 70,000 : 42,000]<br>= 1.66 : 1 2 | **20m**<br><br><br><br><br>9<br><br><br><br><br><br>11 |
| **D** | **Ainmnigh dhá chostas a bheadh ar ghnólacht mar Bhialann Iodálach Genoa.**<br><br>Pá, Leictreachas, Árachas, Fógraíocht, Cíos, Costais Sheachadta.<br>*Glac le freagraí cearta cuí eile.* | **10m**<br><br>5 + 5 |
| **E** | **Pléigh dhá theicníc a bhaineann le tionscnaimh díolachán a d'fhéadfadh bialann a úsáid chun díolacháin a mhéadú.**<br>• **Laghdú praghsanna/lascainí** – d'fhéadfadh Bialann Genoa laghdú 20% a thairiscint ar laethanta a mbeadh cúrsaí trádála ciúin.<br>• **Ceannaigh ceann amháin, faigh ceann amháin saor in aisce** – d'fhéadfadh Bialann Genoa béile in aisce a thairiscint ar gach béile a cheannaítear, nó trí cinn ar phraghas péire.<br>• **Cúpón ar lascaine don chéad cheannachán eile** – d'fhéadfadh Bialann Genoa dearbháin a thairiscint a bhainfeadh airgead de phraghas an chéad cheannacháin eile a dhéanann an duine.<br>• **Cártaí Dílseachta** – d'fhéadfadh Bialann Genoa béile in aisce a thairiscint ar gach cúig bhéile a cheannaítear.<br>• **Comórtais** – d'fhéadfadh Bialann Genoa comórtais a reáchtáil chun duaiseanna a bhuachan trí a mheáin shóisialta. | **15m**<br><br>8<br>(4+4)<br><br><br>7<br>(4+3) |

**CEIST 7**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **A** | **(i) Ainmnigh dhá chéim i saolré táirge thuas, ina bhfuil na díolacháin ag méadú.**<br>Seoladh<br>Fás<br>Aibíocht<br>**(ii) Ainmnigh sampla amháin de tháirge ag céim an tseolta/na tabhartha isteach agus sampla amháin de tháirge ag céim an mheatha.**<br>Seoladh: *Aon sampla ábhartha de tháirge a tugadh isteach le déanaí* e.g. an Kia Sportage nua, an iPhone X.<br>Meath*:* *Aon sampla ábhartha de tháirge fadbhunaithe atá ina tháirge as dáta nó as feidhm anois* e.g. seinnteoirí DVD, an iPhone 4. | **15m**<br>3<br>2<br>5<br>5 |
| **B** | **Mínigh dhá fheidhm atá ag pacáistiú táirge.**<br>**Faisnéis a thabhairt:**<br>Tabharfaidh pacáistiú faisnéis thábhachtach cosúil le comhábhair, treoracha, dáta ar chóir nithe a dhíol faoi, rabhaidh.<br>**Tomhaltóirí a Mhealladh/Aird an tomhaltóra a fháil:**<br>D'fhéadfadh pacáistiú tomhaltóirí a mhealladh trí aitheantas láithreach a fháil agus cabhraíonn sé chun an táirge a dhifreáil óna iomaitheoirí.<br>**Cosnaíonn sé an táirge:**<br>Ba cheart go gcosnódh pacáistiú an táirge agus é á iompar agus ba cheart go gcoinneodh sé cáilíocht an táirge. | **15m**<br>8<br>(4 + 4)<br>7<br>(4 + 3) |
| **C** | **(i) Mínigh an téarma 'spriocmhargadh'.**<br>Is ionann spriocmhargadh agus an grúpa daoine ar a bhfuil an táirge nó an tseirbhís áirithe dírithe. Is féidir spriocmhargadh a shainmhíniú trí aois, leibhéal ioncaim, inscne, suíomh, stíl bheatha. (Daoine a bhfuil na riachtanais chéanna acu).<br>e.g. is iad mná fásta óga spriocmhargadh Topshop. Is iad fir fhásta óga spriocmhargadh Topman.<br>**(ii) Ainmnigh spriocmhargadh do charranna leictreacha.**<br>*Aon sampla ábhartha*<br>• Tiománaithe atá buartha faoin gcomhshaol / custaiméirí éiceabhácha / tomhaltóirí "glasa".<br>• Úinéirí cairr le míleáiste bliantúil íseal agus tiománaithe le húsáid teoranta feithicle.<br>• Cónaitheoirí uirbeacha le húsáid teoranta. | **20m**<br>12<br>(6 + 6)<br>8 |

<table>
<tr><td>D</td><td colspan="5">Léirigh, agus tú ag úsáid léaráide, bealach dáileacháin amháin a d’fhéadfadh báicéir a úsáid i gcomhair cácaí úrbhácáilte.</td><td>10m</td></tr>
<tr><td></td><td>DÉANTÓIR<br>⇩<br>TOMHALTÓIR</td><td>4<br>2<br>4</td><td>nó</td><td>DÉANTÓIR<br>⇩<br>MIONDÍOLTÓIR<br>⇩<br>TOMHALTÓIR</td><td>2<br>2<br>2<br>2<br>2</td><td>10</td></tr>
<tr><td>E</td><td colspan="5">(i) Mínigh an téarma ‘margaíocht tástála’.<br><br>Déantar an táirge a thástáil ar shampla tomhaltóirí féideartha sula dtosaítear táirgeadh iomlán. Féadfar aiseolas ón margaíocht tástála a úsáid chun feabhsúcháin a dhéanamh agus cinnfear anseo ar cheart margaíocht a dhéanamh ar an táirge mar ghnóthas tráchtála iomlán.<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá chéim eile i bpróiseas forbartha táirge nua.<br><br>Giniúint Smaointe:<br>Ceaptar coincheapa tosaigh don táirge nua go córasach. Cuirtear go leor smaointe san áireamh sula ndéantar cinneadh. Is féidir le foinsí do smaointe a bheith inmheánach nó seachtrach.<br>Scagadh Táirge:<br>Anseo, déantar measúnú ar gach smaoineamh do tháirge nua. Déantar gach smaoineamh a scagadh agus fágtar na smaointe neamhphraiticiúla agus do-oibrithe ar gcúl. Fágann sé sin na smaointe is inmharthana le haghaidh tuilleadh scrúdaithe agus forbartha.<br>Forbairt Coincheapa:<br>Is é atá i gceist anseo, cuimhneamh ar ghnéithe féideartha an táirge. Sainaithnítear gné uathúil dhíolacháin chun idirdhealú a dhéanamh idir é agus táirgí eile agus chun é a dhéanamh mealltach do chustaiméirí.<br>Staidéar Indéantachta:<br>Déantar é seo chun a mheas an bhfuil poitéinseal ag táirge. Fiosraítear cé acu an féidir é a tháirgeadh go teicniúil nó nach féidir (indéantacht táirgthe) agus an mbeidh sé brabúsach nó nach mbeidh (indéantacht airgeadais agus tráchtála). Iarrann sé freagraí ar cheisteanna amhail, cén costas a bheidh ar an táirge a tháirgeadh agus cén t-éileamh a bheidh ar an táirge.<br>Forbairt Fréamhshamhla:<br>Baineann an chéim seo le heiseamláir nó múnla de tháirge a fhorbairt. Táirgtear samhail nó samhailghaireas den táirge le fáil amach cé na hábhair atá ag teastáil chun an táirge a dhéanamh. Is féidir é a úsáid leis an táirge a thástáil le fáil amach an bhfuil sé i gcomhréir le caighdeáin áirithe agus le cinneadh a dhéanamh ar na ceartuithe/na feabhsuithe is féidir a dhéanamh sula gcinntear táirgeadh iomlán a thosú.</td><td>15m<br><br>7<br>(4 + 3)<br><br>4<br>(2 + 2)<br><br>4<br>(2 + 2)</td></tr>
</table>

**CEIST 8**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **Mínigh dhá difríocht idir Trádálaí Aonair agus Comhpháirtíocht mar chineálacha úinéireacht ghnó.**<br><br>Is éard is trádálaí aonair gnólacht atá faoi úinéireacht agus a rialaíonn duine amháin. Tá an duine seo go hiomlán freagrach as an ngnólacht agus tá dliteanas gan teorainn aige. Coinníonn úinéir amháin na brabúis ar fad.<br><br>Tá Comhpháirtíocht ann idir 2 agus 20 úinéir (níl aon uasmhéid do ghnólachtaí Dlí/Cuntasaíochta) atá i mbun gnó le chéile chun brabús a dhéanamh. Tá dliteanas gan teorainn acu, ach roinntear an fhreagracht i measc na bpáirtithe go léir. Roinntear na brabúis ar fad i measc na bpáirtithe. Tá caipiteal breise ar fáil chun an gnólacht a mhaoiniú. | **15m**<br><br><br>8<br>(4+4)<br><br><br>7<br>(4+3) |
| B | **(i) Liostaigh dhá cheannteideal a bhíonn san áireamh i bplean gnó.**<br><br>• Cur síos ar an nGnó agus ar na hÚinéirí<br>• Bainistíocht agus Struchtúr Eagrúcháin<br>• Sonraí Táirgthe<br>• Plean Margaíochta<br>• Taighde agus Anailís Mhargaidh<br>• Plean Airgeadais.<br><br>**(ii) Mínigh dhá bhuntáiste atá le baint as plean gnó a ullmhú.**<br><br>Féadfaidh plean gnó cabhrú le gnóthas<br><br>• Cuspóirí agus spriocanna an ghnólachta a leagan amach go soiléir<br>• Maoiniú a fháil ó iasachtóirí, a gcaithfear a chur ina luí orthu go n-éireoidh leis an bplean<br>• Infheisteoirí ionchais a mhealladh toisc gur féidir leo an riosca a mheas roimh infheistíocht a dhéanamh<br>• Na hacmhainní a bheidh ag teastáil amach anseo a aithint<br>• Pleananna agus réamh-mheastacháin a thaispeáint<br>• Deacrachtaí amach anseo a fheiceáil roimh ré agus dul i ngleic leo<br>• An lucht bainistíochta agus an fhoireann a spreagadh<br>• Fócas agus treoir a thabhairt don ghnólacht<br>• Chun an fhaisnéis riachtanach ar fad a thabhairt do gheallsealbhóirí. | **8m**<br><br><br>4<br><br>4<br><br><br><br><br><br><br><br><br>6<br><br>6 |

| | | |
|---|---|---|
| **C** | **Mínigh trí cinn ar bith de na foinsí airgeadais seo a leanas.**<br><br>Is foinse maoinithe fhadtéarmach atá i **Scairchaipiteal/Caipiteal Cothromais,** a chuireann infheisteoirí ar a dtugtar scairshealbhóirí ar fáil. Níl aon urrús ag teastáil. Úsáidtear an t-airgead chun an gnólacht a mhaoiniú. Roinntear aon bhrabúis ar scairshealbhóirí i bhfoirm díbhinní. Fanann an infheistíocht sa chuideachta fad is atá sé ann agus ní aisíoctar é ach amháin ar fhoirceannadh na cuideachta.<br><br>Foinse maoinithe ghearrthéarmach is ea **rótharraingt bhainc**. Baineann sé le cead a fáil ón mbanc chun níos mó airgid ná mar atá sa chuntas reatha a aistarraingt. Tá an fhoinse airgeadais ghearrthéarmach seo ar fáil ar feadh bliain amháin agus caithfear é a aisíoc le hús.<br><br>Is é is **léasú** ann ná úsáid a fháil as sócmhainn sheasta de bharr íocaíocht comhaontaithe ar feadh tréimhse 1-5 bliana. Is foinse airgeadais mheántéarmach atá ann, a úsáidtear chun riachtanais mheántéarmacha a fháil ar cíos, ar nós feithiclí agus trealaimh. Ní bhíonn úinéireacht ag an bhfruilitheoir riamh, ach bíonn seilbh agus úsáid aige láithreach. Níl aon urrús ag teastáil.<br><br>Is é is **iasacht mheántéarma** ann airgead a fhaightear ar iasacht ó bhanc ar feadh tréimhse 1-5 bliana. Caithfear é a aisíoc in aisíocaíochtaí rialta le hús. Is foinse airgeadais mheántéarmach é. Úsáidtear é i gcomhair riachtanais mheántéarmacha ar nós trealaimh, ríomhairí, feithiclí a cheannach. Bíonn úinéireacht láithreach ar an sóchmhainn. | **15m**<br><br>5<br>(3 + 2)<br><br>5<br>(3 + 2)<br><br>5<br>(3 + 2) |
| **D** | **Mínigh dhá ghné den Jabtháirgeadh.**<br><br>• Saincheaptha/Pearsantaithe: déanta ar ordú de réir shonraíochtaí an chustaiméara / úsáidtear é chun míreanna uathúla/aonuaire a tháirgeadh.<br>• Foireann: Teastaíonn saothar ardoilte. Béim ar cheardaíocht.<br>• Straitéis praghsála ard: Go hiondúil, bíonn sé costasach mar gheall ar an leibhéal scile agus saineolais a theastaíonn chun é a tháirgeadh.<br>• Ní táirgtear é le haghaidh stoic. | **15m**<br><br>8<br>(4 + 4)<br><br>7<br>(4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| **E** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá dhúshlán do ghnólachtaí nuathionscanta in Éirinn**.<br>• Airgeadas – deacair rochtain a fháil ar airgeadas agus cinneadh a dhéanamh ar an bhfoinse maoinithe cheart. Airgeadas fadtéarmach agus meántéarmach ag teastáil.<br>• An struchtúr úinéireachta a roghnú – Caithfidh gnó nuabhunaithe cinneadh a dhéanamh cén struchtúr úinéireachta le roghnú. Beidh impleachtaí aige seo ar dhliteanas, ar chinnteoireacht, ar bhrabúis, ar airgeadas a fháil, ar cháin.<br>• Dúshláin mhargaíochta / Ard-Iomaíocht – deacair sciar den mhargadh a bhunú/áit a fháil sa mhargadh. Dá bharr seo, d'fhéadfaí costais phromóisin cosúil le feachtais fógraíochta a bheith níos airde.<br>• Ardchostais tionscnaimh – e.g. ar Áitreabh, Trealamh, Innealra.<br>• Cothromaíocht oibre is saoil – Teastaíonn uaireanta oibre fada chun gnólacht a thosú. | **10m**<br><br>5<br>(3 + 2)<br><br>5<br>(3 + 2) |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán